# Nóta Eolais

## Tosach Feidhme Forálacha Áirithe *d'Acht na hOidhreachta Stairiúla agus Seandálaíochta agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2023* i ndáil le forálacha an dlí choiriúil a bhaineann le hoidhreacht chultúrtha faoi uisce a chosaint

**Brollach agus achoimre**

Ar an 24 Márta 2025, tháinig forálacha eile *d'Acht na hOidhreachta Stairiúla agus Seandálaíochta agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2023* (Acht 2023) i ngníomh.

Mar achoimre, leis na forálacha sin a tosaíodh le déanaí, tugtar feidhm, den chuid is mó, d'fhorálacha an dlí choiriúil i ndáil le hoidhreacht chultúrtha faoi uisce (OCFU) a chosaint, lena n-áirítear raiceanna stairiúla, i limistéir lasmuigh d'Fharraigí Críche agus de Chrios Tadhlach na hÉireann (teorainn 24 muirmhíle). Pléitear freisin le roinnt forálacha i ndáil le forfheidhmiú an Achta.

Tosaíodh forálacha substainteacha an Achta i ndáil leis an gcosaint sin (go háirithe Caibidil 2 de Chuid 5) trí Ordú um Thosach Feidhme roimhe sin (I.R. Uimh. 663 de 2024) i mí na Nollag 2024.

**Forbhreathnú ar fhorálacha a tosaíodh le déanaí**

Áirítear leis na príomhghnéithe d'fhorálacha Acht 2023 atá tagtha i bhfeidhm anois iad seo a leanas :

- **Alt 173**

  Leis an alt sin cuirtear cosc ar threalamh nó earraí eile a sholáthar go feasach le húsáid chun cion a dhéanamh faoin Acht.

- **Fo-ailt (1) agus (2) d'alt 175 sa mhéid go bhfuil feidhm acu maidir le hAlt 138(2)**

  Tosaíodh Alt 138(2) roimhe sin, agus ceanglaítear leis ar náisiúnaigh Éireannacha agus orthu siúd atá i gceannas ar shoithí Éireannacha ceadúnas a bheith acu agus iad ag gabháil do ghníomhaíochtaí atá dírithe ar oidhreacht chultúrtha faoi uisce in uiscí idirnáisiúnta.

  Le forálacha alt 175 a bhfuil tús curtha leo anois beidh sárú ar alt 138(2) ina chion coiriúil agus forchuirfear pionóis maidir leis.

- **Fo-ailt (3) agus (4) d'alt 175 sa mhéid go bhfuil feidhm acu maidir le hAlt 147 agus 173**

Tosaíodh Alt 147 roimhe sin, agus forchuirtear leis ceanglas ceadúnaithe ar allmhairiú oidhreachta cultúrtha faoi uisce (agus ar an gcaoi sin tá an Stát in ann cinntiú nach mbeidh ach OCFU arna haisghabháil i gcomhréir le Coinbhinsiún 2001 in ann dul isteach sa Stát go dlíthiúil).

Le forálacha alt 175 a bhfuil tús curtha leo anois beidh sárú ar ailt 147 agus 173 ina gciontaí coiriúla agus forchuirfear pionóis maidir leo.

- **Fo-ailt (5) agus (6) d'alt 175 sa mhéid go bhfuil feidhm acu maidir le hailt 139(1), (2) agus (3), 142(1) agus (2) agus 204(2)(b), (3)(b) agus (4)(b)**

  Tosaíodh ailt 139, 142 agus 204 roimhe sin. Sna hailt sin, pléitear le ceanglais tuairiscithe i ndáil le fionnachtana oidhreachta cultúrtha arna ndéanamh ag náisiúnaigh Éireannacha agus ag daoine gaolmhara i limistéir atá lasmuigh den teorainn 24 muirmhíle agus i ndáil le tograí ag na daoine sin sna limistéir sin chun gabháil do ghníomhaíochtaí atá dírithe ar oidhreacht chultúrtha faoi uisce, agus (in alt 204) bac a chur ar na Gardaí agus ar oifigigh eile um fhorfheidhmiú an dlí atá ag gníomhú faoin Acht.

  Le forálacha alt 175 a bhfuil tús curtha leo anois beidh sárú ar na forálacha atá luaite thuas ina gciontaí coiriúla agus forchuirfear pionóis maidir leo.

- **Fo-ailt (7) agus (8) d'alt 175 sa mhéid go bhfuil feidhm acu maidir le halt 217(2)**

  Tosaíodh Alt 217 roimhe sin agus leis an alt sin cumhachtaítear don Aire a cheangal go gcuirtear faisnéis faoin teideal chun talún ar fáil i gcás inar gá chun feidhmeanna an Achta a fheidhmiú.

  Le forálacha alt 175 a bhfuil tús curtha leo anois beidh sárú ar alt 217 ina chion coiriúil agus forchuirfear pionóis maidir leis.

- **Ailt 183 agus 184**

  Sonraítear leis na hailt sin cosaintí a fhéadfaidh duine (daoine) atá cúisithe i gciontaí faoin Acht a chur ar aghaidh agus na coinníollacha nach mór a chomhlíonadh chun go mbeidh cosaint den sórt sin ar fáil. Baineann na cúinsí atá i gceist leis an tráth a ghlactar gníomhartha chun gnéithe oidhreachta a chosaint nó i gcás go raibh duine ag gníomhú mar ghníomhaire do dhuine a raibh ceadúnas acu faoin Acht.

- **Alt 205**
  San alt seo pléitear le dualgais chruthúnais agus le tátail fhianaiseacha i ndáil le hábhair áirithe a thagann chun cinn i ndáil le hionchúisimh arna ndéanamh faoin Acht. Go háirithe, beidh an dualgas cruthúnais ar dhaoine a mhaíonn gur eisíodh ceadúnas chucu faoin Acht chuige sin agus beidh an Stát in ann cláir ceadúnas arna n-eisiúint nó fógraí arna bhfáil a úsáid mar fhianaise.

- **Alt 208;**
  Leis an alt seo cinntítear gur féidir dul ar aghaidh mar sin féin le hionchúisimh i gciontaí faoin Acht i ndúichí Cúirte Dúiche nó i gcuarda Cúirte Cuarda i gcás go ndearnadh san fharraige iad.

- **Sceideal 7;**
  Sa Sceideal seo tá téacs Choinbhinsiún EOECNA maidir le hOidhreacht Chultúrtha faoi Uisce a Chosaint, 2001.

Is féidir liosta iomlán na bhforálacha atá san Ordú um Thosach Feidhme (I.R. Uimh. 88 de 2025) a fháil anseo.

**<u>Is le haghaidh faisnéise amháin a chuirtear an méid thuas ar fáil, agus ní léirmhíniú dlí atá i gceist leis.</u>**

**Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta**

**An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta**

**Aibreán 2025**